**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú ag 12:00pm an 20 Márta 2020 – miontuairiscí**

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Patricia Sheehan, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird

## 1. Glacadh leis an gclár oibre

Thionóil Bord an Iniúchóireachta cruinniú neamhsceidealta trí ghlao comhdhála. Iarradh leis an gclár oibre go dtabharfaí faoi deara go foirmiúil roinnt cinntí a rinne an Bord Iniúchóireachta chun tionchar an athraithe a moladh ar shocruithe oibre mar gheall ar phaindéim COVID-19 a bhainistiú. Glacadh leis an gclár oibre i dtús an chruinnithe.

Seachas an géarú a tháinig ar an bpaindéim ó chruinniú roimhe an Bhoird Iniúchóireachta i leith, níor tugadh faoi deara ach riosca amháin eile a bhí ag teacht chun cinn, mar a bhí an gá féideartha le leithreas-i-gcabhair forlíontach mura dtéann an clár iniúchóireachta (agus na táillí iniúchóireachta gaolmhara) ar aghaidh mar a measadh. Chomhaontaigh an Bord Iniúchóireachta leis an ní sin a choinneáil faoi athbhreithniú.

Níor tuairiscíodh aon choinbhleachtaí leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

## 2. Cianobair

Thug an Bord Iniúchóireachta faoi deara an staid éigeandála a bhí ag teacht chun cinn le roinnt seachtainí anuas agus gur eisíodh ciorclán 07/2020 '*Socruithe maidir le sannacháin shealadacha ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí mar fhreagairt do dhúshlán COVID-19*' (ciorclán 7/2020). Bhí cruinnithe cianda ag comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta chun cinneadh a dhéanamh ar na cúrsaí lenar bhain.

Ar aon dul leis an bPlean Leanúnachais Gnó agus leis an ráiteas ón Taoiseach an 12 Márta, iarradh ar gach ball foirne de chuid na hOifige oibriú ón mbaile ón Aoine an 13 Márta i leith, i bhfianaise chumas na hOifige maidir le córais chianoibre. Glaodh an fhoireann ar fad ar ais ó shuíomhanna na gcliant chun leanúint le hobair ar na hiniúchtaí agus iad ag teilea-obair. Ós rud é nach mbeadh aon obair ar an láthair ar áitribh na gcliant, bheadh tionchar aige sin ar na hiniúchtaí. Iarradh ar gach bainisteoir líne seiceáil isteach gach lá lena gcuid ball foirne le haghaidh an dul chun cinn ar an obair agus folláine na foirne a fhail amach.

Tá ag éirí leis an gcianobair agus leis na línte cumarsáide agus, dá bhrí sin, táthar ag déanamh gníomh leantach go tapa ar chinntí an Bhoird Iniúchóireachta a rinneadh ón 13 Márta i leith. Thug an Bord Iniúchóireachta faoi deara go raibh foireann an aonaid TFC an-fhreagrach agus gur thug siad an-tacaíocht le linn an athraithe sin ar shocruithe oibre.

Thug an Bord Iniúchóireachta faoi deara go raibh agus go bhfuil creatfhoireann ag obair in áitreabh na hOifige ón 13 Márta i leith.

## 3. Beartú tosaíochta na bhfeidhmeanna

Faoi réir chiorclán 7/2020 a eisíodh an 18 Márta 2020, caithfidh eagraíochtaí a gcuid feidhmeanna criticiúla agus neamhchriticiúla a shainaithint agus, más féidir, baill foirne a

scaoileadh ó na feidhmeanna neamhchriticiúla le haghaidh athshannadh sealadach. I ndiaidh iad a phlé, rinne an Bord Iniúchóireachta na feidhmeanna sin a chinneadh agus cuireadh a leithéid in iúl trí ríomhphost don fhoireann ar fad an 19 Márta. Chinn an Bord Iniúchóireachta gurbh iad próiseáil creidmheasanna, an t-airgeadas agus na saoráidí, Acmhainní Daonna agus TFC feidhmeanna ríthábhachtacha na hOifige. Éilíonn na feidhmeanna criticiúla sin freisin ar an Oifig líon teoranta ball foirne ar féidir leo íocaíochtaí a cheadú a choinneáil, e.g., sealbhóirí na siogairlíní bainc. Is é an aidhm atá leis sin a chinntiú go leanfar le híocaíochtaí na hOifige a dhéanamh, lena n-áirítear an párolla. Tá ról ríthábhachtach freisin ag Foireann Bainistíochta Práinnfhreagartha agus a cuid chomhaltaí malartacha i bhfeidhmiú leantach na hOifige.

Fuarthas tuairimí tosaigh ó phríomhchliaint maidir leis an bhféidearthacht iniúchtaí a chur i gcrích nó a chur chun cinn, i bhfianaise acmhainn na gcliant agus na fála ar chórais. Baineann dornán -iniúchtaí criticiúla, atá ar ardchéim chun cinn, chomh maith le scrúdú amháin atá ag céim deiridh an iniúchta, leis an gcatagóir chriticiúil freisin toisc go bhfuil siad beagnach críochnaithe. Cuireadh na tascanna ar leith sin in iúl do na Leas-Stiúrthóirí líne (LSanna) agus cuireadh in iúl iad do na foirne iniúchóireachta agus scrúdaithe. De réir mar a chuirtear na tascanna iniúchóireachta agus scrúdaithe sin i gcrích, meastar go mbeidh roinnt ball foirne a bheidh i gceist ar fáil le haghaidh athshannadh sealadach breise.

Dá réir sin, is amhlaidh, maidir le hiniúchóireacht airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta amhail iniúchóireacht TF, cáilíocht agus caighdeáin, agus tuairisciú oibre faoi réir líon beag eisceachtaí mar atá leagtha amach thuas, nach meastar iad a bheith criticiúil don tréimhse trí mhí a samhlaíodh i gciorclán 7/2020.

Coinneoidh an Bord Iniúchóireachta beartú tosaíochta na bhfeidhmeanna faoi athbhreithniú leanúnach.

**4. An fháil ar bhaill foirne le haghaidh athshannadh sealadach**

Thug an Bord Iniúchóireachta faoi deara gur iarr na Stiúrthóirí ar na Leas-Stiúrthóirí teimpléad comhlánaithe a sheoladh ar ais chucu an 19 Márta ina ndéanfaí a gcuid ball foirne a rangú de réir a gcumais le haghaidh athshannadh sealadach.

Léiríodh sna teimpléid a fuarthas ar ais gur thit baill foirne faoi thrí chatagóir a bhí ar cóimhéid den chuid is mó. Níl an tríú cuid den fhoireann ar fáil le haghaidh sannadh sealadach toisc go n-oibríonn siad i bhfeidhmeanna criticiúla na hOifige nó mar gheall ar chúinsí pearsanta. Tá trian den fhoireann ar fáil le haghaidh sannadh sealadach láithreach agus d'fhéadfadh go mbeadh an tríú cuid eile ar fáil ag brath ar obair chriticiúil a bheith críochnaithe acu agus ar athrú ar a gcúinsí pearsanta.

Luaigh an Bord Iniúchóireachta a mbuíochas mór agus ghabh sé buíochas ó chroí leis na baill foirne den Oifig a léirigh go tapa go bhfuil siad toilteanach lena gcion féin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun dul i ngleic le riachtanais na mórsheirbhíse poiblí. Rannchuidigh cuid acu trí shannadh sealadach a ghlacadh agus rannchuidigh cuid eile trí ghlacadh le cleachtais oibre agus pleananna oibre a oiriúnú sa ghearrthéarma, rud a íoslaghdóidh an cur isteach ar an Oifig nuair a atosóidh gnáthoibríochtaí gnó.

**5. Tosaíocht agus uainiú na n-iniúchtaí**

Thug an Bord Iniúchóireachta faoi deara gur cheart tús áite a thabhairt do na ceanglais reachtúla um an tuarascáil bhliantúil agus um dheimhniú iniúchta agus foilsiú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa faoi dheireadh mí Mheán Fómhair. Críochnófar na hiniúchtaí a bhfuil dul chun

cinn suntasach déanta orthu nuair is féidir a leithéid a dhéanamh go tapa. Aithníodh iniúchtaí straitéiseacha eile le haghaidh ardtosaíochta agus cuirfidh Andy Harkness an liosta deiridh ina leith ar fáil don Bhord Iniúchóireachta. Déanfaidh an Oifig iarracht dul chun cinn a dhéanamh orthu sin, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil.

De réir na dtáscairí luatha ó roinnt ranna rialtais, beidh na cuntais leithreasa ag teacht isteach an 30 - 31 Márta agus rachfar i dteagmháil leo chun a iarraidh go gcuirfí na doiciméid riachtanacha isteach go leictreonach seachas iad a sheoladh tríd an bpost nó trí chúiréir. Thug an Bord faoi deara, áfach, gur dóigh go mbeidh tionchar éigin ag an bpaindéim ar ullmhacht na ranna rialtais d'iniúchadh. Tá sé ráite ag dóthain ranna gur féidir leo an t-iniúchadh a éascú. Dá ainneoin sin, chomhaontaigh an Bord Iniúchóireachta go gcoinneodh sé an scéal faoi athbhreithniú géar sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn.

Gheall an Bord Iniúchóireachta go bhfanfadh sé i dteagmháil leis na cliaint nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar a n-iniúchtaí agus leis na geallsealbhóirí eile a bhfuil a gcuid oibre iniúchóireachta ar fionraí faoi láthair agus go gcoinneoidh sé gach páirtí ar an eolas faoi athruithe sa réimse sin.

**6. Cur chuige an chuibhis, 2019**

Rinne an Bord Iniúchóireachta breithniú ar pháipéar i leith athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith tástáil cuibhis d'fhonn deiseanna a shainaithint le haghaidh barainneachtaí i bhfianaise na héigeandála reatha. Thug sé faoi deara an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas ar thuilleadh trédhearcachta maidir le tuairisciú ar nithe cuibhis agus ar obair na hiniúchóireachta bliantúla chun tacú le comhlachtaí ceanglais leasaithe rialachais agus rialuithe gaolmhara a leabú. Leag an Bord Iniúchóireachta béim ar an tábhacht a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh ar nithe cuibhis ach thug sé faoi deara go raibh scóip éigin ann chun leibhéal laghdaithe oibre a dhéanamh, go háirithe i réimse na samplála soláthair. I bhfianaise an dul chun cinn a rinne na comhlachtaí maidir le comhlíonadh soláthair a thuairisciú, thug an bord faoi deara go raibh deiseanna ann le cur chuige tras-earnála níos leithne a ghlacadh i leith sampláil dhírithe. Ag an deireadh ar fad, thug sé faoi deara go leanfadh an t-iniúchadh ag breithniú aon saincheisteanna cuibhis a thagann as tástáil ghinearálta iniúchóireachta agus as na ceanglais nochta atá ar chomhlachtaí.

Comhaontaíodh go ndéanfadh Andy Harkness agus an Leas-Stiúrthóir atá freagrach as an aonad caighdeán an cur chuige leasaithe a chur in iúl do na Leas-Stiúrthóirí agus trí sheisiúin fhíorúla do na foirne.

**7. Tuairisciú**

Nuair a bheidh an líon ball foirne atá fágtha agus an fhoireann a theastaíonn le haghaidh na n-iniúchtaí straitéiseacha socraithe ag an mBord Iniúchóireachta, rachaidh an Stiúrthóir atá freagrach as an tuairisciú i dteagmháil leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an tuarascáil bhliantúil. Is dócha go gcuirfí dhá scrúdú ar leith i gcrích toisc gur thug na comhlachtaí lena mbaineann faoi deara an spéis sna tuarascálacha sin a ghlanadh agus a thabhairt chun críche agus cumas chun déanamh amhlaidh.

**8. Cumarsáid**

D'iarr an Bord Iniúchóireachta ar an Rúnaí na miontuairiscí a thabhairt chun críche faoin Luan ionas go bhféadfaí iad a scaipeadh ar an bhfoireann agus ar chomhaltaí an choiste iniúchóireachta chomh luath agus is féidir. Déanfaidh an Bord Iniúchóireachta cruthú aon

choiste um chuntais phoiblí a choimeád i gcuimhne agus breithneoidh sé teagmháil a dhéanamh le comhaltaí an choiste nuair a bhunófar é. Rinneadh teagmháil le cliaint na hOifige trí oifigigh idirchaidrimh iniúchóireachta agus trí na hiniúchóirí sinsearacha lenar bhain. Ós rud é go bhfuil punanna iniúchóireachta le hathrú chun dáta de bharr sannadh sealadach roinnt iniúchóirí sinsearacha, ba cheart nóta faisnéise a iarraidh ó gach iniúchóir sinsearach ina dtabharfar achoimre ar stádas gach iniúchta nó gach cliaint scrúdaithe agus ar an gcumarsáid atá déanta leo.

Chomhaontaigh an Bord Iniúchóireachta gur cheart do rúnaí an Bhoird Iniúchóireachta ríomhphost 'na foirne uile' a sheoladh lena gcumhdófaí roinnt míreanna chun riarachán na hOifige le linn athshannadh sealadach na foirne a ullmhú. Ní mór iarraidh ar an bhfoireann garspriocanna a athrú chun dáta ar chóras faisnéise na hOifige chun go ngabhfar go hiomlán an dul chun cinn ar gach iniúchadh agus gach scrúdú tráth shannadh sealadach na foirne a léiriú. Más féidir, ba cheart freisin iarraidh ar an bhfoireann sa teachtaireacht aon saoire bhliantúil atá curtha in áirithe acu cheana féin ar an gcóras comhroinnte seirbhísí a chur ar ceal le linn na tréimhse seo. Ba cheart a lua sa ríomhphost freisin tuairisceáin oibre agus an córas bainistíochta ama a athrú chun dáta trealamh TFC na hOifige a choinneáil fad atá baill foirne ar shannadh sealadach agus gealltanais faoin bpárolla. Ba cheart insint do bhaill foirne a gcuntas ríomhphoist Oifige a sheiceáil gach cúpla lá le haghaidh tuilleadh cumarsáide leis an bhfoireann le linn an tsannta shealadaigh.

**9. Aon ghnó eile**

Glacadh le miontuairiscí chruinniú mhí Feabhra de chuid an Bhoird Iniúchóireachta trí nós imeachta i scríbhinn agus chomhaontófaí miontuairiscí an chruinnithe seo trí nós imeachta i scríbhinn freisin Dé Luain chun cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann ar fad trí na miontuairiscí.